# Polasaí Clárúcháin

# Ghaelscoil Éadan Doire

**Eolas Ginearálta:**

Tagann an polasaí seo faoi chumhacht an dlí faoi mar atá leagtha san Acht Oideachais 1998. Glacann an bord gur chabhair é seo do thuismitheoirí atá ag iarraidh a bpáiste a chlárú sa scoil. Tá an Cathaoirleach agus an Príomhoide lán sásta aon shoiléiriú gur gá a thabhairt ag eascairt as an bpolasaí seo.

Is Gaelscoil Chaitliceach í Gaelscoil Éadan Doire faoin bhForas Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge Teo. Is scoil measctha í, a bunaíodh i 2008. Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide agus teagaisc na scoile.

Braitheann an scoil ar dheontais agus acmhainní ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus feidhmíonn an scoil faoi rialacha agus treoracha na Roinne sin. Caithfidh an scoil acmhainní agus deontais na Roinne a thógáil san áireamh chun an polasaí seo a chur i gcríoch.

Leanann an scoil Curaclam na Bunscoile atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta gur féidir a leasú ó am go chéile de réir an Achta Oideachais 1998.

I gcomhthéacs coinníollacha agus cláir na Roinne, cearta an Phatrúin mar atá leagtha amach san Acht Oideachais agus i gcomhthéacs na ndeontas agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil ag an scoil, tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo a leanas:

**Cuimsitheacht,** ach go háirithe ag tagairt do pháiste le riachtanais speisialta

**Comhionannas** maidir le bheith rannpháirteach sa scoil

**Rogha** na dtuismitheoirí i dtaobh clárú

**Meas** ar éagsúlacht luachanna, creidimh, teangacha, cultúir éagsúla agus araile.

# Clárúcháin:

Caithfidh páistí a bheith ceithre bliana d’aois ar an gcéad lá de Mhí Mheán Fómhair an bhliain chláraithe.

Glacfaidh Gaelscoil Éadan Doire le rang ghrúpa amháin i Naíonáin Shóisearacha gach bliain.

Is féidir le páistí a chlárú ó ghaelscoileanna eile ag brath ar chúrsaí spáis, cead na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cinneadh an Bhoird Bainistíochta ina leith seo.

Ní mór do na daltaí atá cláraithe sa scoil comhoibriú agus tacú le éiteas na scoile chomh maith leis na polasaithe eile atá i bhfeidhm sa scoil.

1. Ní mór do thuismitheoirí atá ag iarraidh a bpáiste a chlárú sa scoil **Foirm Eolais** a líonadh isteach. Ní hionann an fhoirm seo a líonadh agus áit a fháil sa scoil. Léiríonn an fhoirm seo go bhfuil spéis ag an tuismitheoir / na tuismitheoirí a (b)p(h)áiste a chlárú. Tugtar admháil don tuismitheoir agus iarrtar orthu leabhar na scoile a shíniú chun taifead scríofa a choimeád. Cuirtear an t-eolas seo ar ríomhaire na scoile.
2. Rachaidh an scoil i dteagmháil leis na tuismitheoirí ar son an Bhoird Bainistíochta. Chomh fada agus is féidir, ag tabhairt an pholasaí clárúcháin seo san áireamh, tabharfar na háiteanna amach.

Líontar an **Fhoirm Cláraithe** ansin agus tugtar Teastas Breithe an pháiste chuig an scoil chomh maith le héarlais de 50 Euro. Bainfear an 50 euro as praghas an leabhair liosta má thosaíonn an páiste sa scoil. Tabharfar an éarlais ar ais má tharraíonn siad siar roimh an gcéad lá de mhí an Mheithimh an bhliain céanna.

3. Cuirfear oíche eolais ar fail do na tuismitheoirí agus tabharfar cuireadh do na naíonáin agus a dtuismitheoirí teacht isteach i mí an Mheitheamh sula dtosaíonn siad i mí Meán Fómhair.

Sa chás go sáraíonn an líon iarrthóra atá ag lorg áite an méid spáis atá ar fáil, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm chun tosaíocht a thabhairt do pháistí áirithe clárú sa scoil.

1. Deartháireacha agus deirfiúracha na bpáistí atá cláraithe cheann féin.
2. An dáta a líonadh an fhóirim Eolais. (Cuirfear dáta agus stampa na scoile ar gach Foirm Eolais a thagann isteach agus tabharfar admháil chuig na tuismitheoirí leis an dáta agus stampa na scoile ann chomh maith).

Nuair atá na háiteanna lán, déantar liosta feitheamh agus líonfar gach folúntas ón liosta ag úsáid na gcritéir thuas luaite agus cuirtear litir chuig na tuismitheoirí chun é seo a chur in iúil dóibh.

## Clárú Páiste/í le Riachtanais Speisialta

Lorgóidh an Bord Bainistíochta cóipeanna de thuairiscí ó dhochtúirí, síceolaithe nó eile i leith an pháiste nó sa chás nach bhfuil ceann ann iarradh go socrófar meastóireacht ar an bpáiste. Is é an fáth atá le seo ná cabhrú leis an scoil foghlaim faoi na riachtanais atá ag an bpáiste agus na seirbhísí tacaíochta a bheadh ag teastáil ón bpáiste.

Is scoil uile-ghábhálach í Gaelscoil Éadan Doire agus glactar le gach páiste a lorgaíonn áit ag brath ar chursaí spáis.

## Achomharc:

I gcás míshástacht páirtí le cinneadh na scoile, is féidir achomharc a dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi mhír 29 den Acht Oideachas 1998. Is féidir leis an mBord Bainistíochta leasú a dhéanamh ar an bplean seo.

## Poncúlacht:

Bronntar teastais ag deireadh na bliana ar aon pháiste a chaill trí lá nó níos lú agus nár fuair litir ón oifig faoin bponcúlacht an bhliain sin. (Coiméadann an rúnaí taifead do na páistí a thagann ar scoil déanach agus seoltar litir chuig na tuismitheoirí nuair a thagann siad ar scoil déanach deich n-uaire in aon téarma amháin.

## Nótaí Asláithreachta:

Cuirtear nótaí asláithreachta abhaile leis na tuismitheoirí ag tús na bliana agus bíonn ar thuismitheoirí iad a sheoladh isteach ar scoil nuair a thagann na páistí ar ais i ndiaidh a bheith as láthair.

**Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta dár dáta:**

**19 Deireadh Fómhair 2016**

________________________________________

**Lesley Gavin (Cathaoirleach)**